Derry City & Strabane
District Council

Comhairle
Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin

Derry Cittie & Stràbane
Destrìck Cooncil

Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

## An 8ú Eagrán

Geimhreadh 2025




www.derrystrabane.com

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane Destrick Cooncil

# Fáilte

**Tá fáilte romhat chuig Gaeilge & Fáilte - nuachtlitir Ghaeilge Chomhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin. Sa nuachtlitir seo gheobhaidh tú eolas maidir le Seirbhísí Gaeilge na Comhairle mar aon le heolas faoi imeachtaí atá ag tarlú i saol na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle.**

San eagrán seo den nuachtlitir, caithfidh muid súil siar ar na himeachtaí agus na tograí iontacha a bhí idir lámha againn agus ag an phobal le míonna beaga anuas. Chomh maith leis sin roinnfidh muid eolas ar na himeachtaí Gaeilge atá beartaithe do na míonna atá romhainn ní amháin ag an Chomhairle í féin ach ag pobal na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle chomh maith.  Bainigí sult!

## Déan Teagmháil Linn

**Ríomhphost:** gaeilge@derrystrabane.com

**Guthán:** 028 71 376579 (Líne Ghaeilge)

**Facebook:** facebook.com/foramphobalnagaeilge

**Twitter:** twitter.com/foramphobal

**Suíomh Gréasáin:** www.derrystrabane.com/gaeilge




# Seirbhísí Gaeilge na Comhairle

Cuireann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin réimse seirbhísí ar fáil do phobal na Gaeilge. Mar chuid de na seirbhísí seo, is féidir teagmháil a dhéanamh linn as Gaeilge trí ríomhphost a chur chugainn i nGaeilge, Gaeilge a labhairt linn nuair a chuireann tú scairt orainn, iarratas a dhéanamh le do shráidainm nó ainm do bhóthair a fháil i nGaeilge, foirmeacha agus iarratais a chomhlánú i nGaeilge, mar aon le réimse leathan seirbhísí Gaeilge eile. Tabhair cuairt ar **www.derrystrabane.com/gaeilge** le teacht ar eolas breise maidir lenár seirbhísí.

Má tá seirbhís uait i nGaeilge déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge, Erin Hamilton, ar an líne Ghaeilge: (028) 71376 579 nó seol ríomhphost chuig gaeilge@derrystrabane.com

Nó is féidir teagmháil a dhéanamh linn ar an fhoirm theagmhála atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo: https://www.derrystrabane.com/gaeilge Chomh maith leis sin, má tá seirbhís uait nach bhfuil ar fáil faoi láthair, déan teagmháil linn.

# Eolaire Ranganna Gaeilge




**Tá réimse leathan ranganna Gaeilge ar fáil fud fad ár gceantair Chomhairle ag freastal ar gach leibhéal cumais sa Ghaeilge. Tá eolaire ranganna Gaeilge curtha le chéile ag an Oifigeach Gaeilge ar a bhfuil sonraí faoi na ranganna ar fad atá ag tarlú sa cheantar ar fáil.**

Más mian leat an t-eolaire seo a fháil nó leis an eolas a scaipeadh ar dhaoine nó ghrúpaí atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim, is féidir ríomhphost a chur chuig an Oifigeach Gaeilge ar: gaeilge@derrystrabane.com nó scairt a chur ar: 028 71 376579.
Nó má tá rang Gaeilge á chur ar fáil agat, is féidir sonraí na ranganna a sheoladh chuig an Oifigeach Gaeilge le bheith curtha san áireamh ar an eolaire.



# Fóram Phobal na Gaeilge

**Tagann Fóram Phobal na Gaeilge le chéile gach ráithe le cúrsaí forbartha teanga a phlé. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí, ghrúpaí agus dhaoine aonair a bhfuil suim acu dul i mbun plé faoin Ghaeilge, dheiseanna comhoibre agus faoi cheisteanna straitéiseacha agus forbartha teanga bheith i láthair.**

Tharla an cruinniú is déanaí i Halla na Cathrach i nDoire ar an 22ú Deireadh Fómhair agus bhí cruinniú fiúntach agus spreagúil ann le heolas roinnte idir na rannpháirtithe ar fad. Más mian leat bheith páirteach sa chéad chruinniú eile a bheas ar siúl i mí Feabhra 2026; ní mór duit clárú leis an Oifigeach Gaeilge ar gaeilge@derrystrabane.com nó cuir scairt ar an líne Ghaeilge ar: 028 71 376579.
Buíochas le Caoimhín Ó Peatáin as an ghrianghraf.

# Oíche Chultúir 2025



**Mar chuid den cheiliúradh ar Oíche Chultúir 2025, chuir Foireann Teangacha na Comhairle imeacht thar a bheith suimiúil ar fáil bunaithe ar Stair Cheilte na Logainmneacha. Bhí Halla na Cathrach lán go doras ar an 19ú Meán Fómhair nuair chuir an Dr. Brian Ó Doibhlin caint den chéad scoth i láthair don lucht éisteachta. Thug Brian léargas iontach don lucht éisteachta ar an tionchar atá ag an teanga ar ár logainmneacha agus na naisc stairiúla atá ag an Ghaeilge ach go háirithe lenár logainmneacha.**

Tugadh deis don lucht éisteachta ceisteanna a chur ar an chainteoir ag deireadh na cainte agus samplaí de na logainmneacha áitiúla a roinnt. Chomh maith leis sin, tugadh deis do gach duine na huirlísí mapála digiteacha atá ar fáil ar líne a fheiceáil agus tugadh spreagadh dóibh tuilleadh taighde a dhéanamh ar na logainmneacha atá pearsanta dóibh féin.

# Positive Ageing Month

**Mar chuid de Positive Ageing Month 2025, thug Foireann Teangacha na Comhairle cuairt ar Derg Valley Care Centre i gCaisleán an Deirge ar an 2ú agus an 9ú Deireadh Fómhair le dhá sheisiún a dhéanamh leis na rannpháirithe ansin bunaithe ar Bhlaschúrsa Gaeilge agus Ultaise. D'fhoghlaim an ghrúpa faoi stair na dteangacha, tionchar na dteangacha ar na logainmneacha mar aon le frásaí úsáideacha i nGaeilge agus san Ultaise.  Tugadh deis don ghrúpa na frásaí seo a chleachtadh le chéile agus taithí s'acu féin ar an dá theanga a roinnt chomh maith.**




Chomh maith leis sin, thug an Fhoireann Teangacha cuairt ar ghrúpa in Eglinton Community Centre ar an 13ú Deireadh Fómhair agus tugadh léargas don ghrúpa ar na logainmneacha áitiúla agus na naisc atá idir an Ghaeilge agus an Ultaise agus ár logainmneacha. Bhí plé bríomhar agus idirghníomhach leis an ghrúpa ar na logainmneacha agus na teangacha.

# Island Voices 2025

**Rinneadh ceiliúradh ar shraith eile iontach d'Island Voices i mbliana. Le comóradh 75 bliain fhoilsiú The Lion, the Witch and the Wardrobe a cheiliúradh, thug na cainteoirí léargas ar shaol agus oidhreacht liteartha C.S. Lewis.**

Thug an Dr Sharon Jones léargas iontach don lucht éisteachta ar an cheangal idir saothar Lewis agus a ghuth Éireannach agus miotaseolaíocht na hÉireann lena caint; Listening to Lewis's Irish Voice: Narnia Re-visited ar an 25ú Meán Fómhair i Halla na Cathrach i nDoire.

Ar an 23ú Deireadh Fómhair bhí an lucht éisteachta gafa le caint Antain Mhic Lochlainn; The Road to Nairnia nuair a phléigh sé na gnéithe casta a bhaineann leis na húrscéalta Chronicles of Narnia a aistriú go Gaeilge agus scrúdaigh sé go mion na dúshláin teangeolaíocha agus chultúrtha a bhaineann le saol saibhir samhlaíoch Lewis.




Agus le críoch a chur le Island Voices 2025 thug an Dr Frank Ferguson cuairt ag Halla na Cathrach ar an 27ú Samhain lena chaint; Onwards to Narnia and Hame by the Sandy Loanen le léargas a thabhairt ar thionchar na hUltaise ar saothar Lewis.

**Buíochas le Caoimhín Ó Peatáin as an ghrianghraf.**

# Ceardlann Cosantóirí Cearta Páistí le Coláiste Bhríde

**Ba mhór an onóir í don Oifigeach Gaeilge cuairt a thabhairt ar Aonad na Gaeilge i gColáiste Bhríde i nDoire ar an 7ú Deireadh Fómhair. Ag obair in éineacht leis an Oifigeach ó NICCY, cuireadh ceardlann Chosantóirí Cearta Páistí ar fáil do na daltaí i mBliain 8.**




Tugadh deis do na daltaí plé a dhéanamh ar cad is rud é 'ceart' agus d'fhoghlaim siad faoi Choinbhinsiún um Chearta an Linbh. Chomh maith leis sin, ghlac na daltaí páirt i ndíospóireachtaí beoga agus i gcluichí idirghníomhacha bunaithe ar ábhar na gcearta le béim ar leith ar chearta teanga. Ag deireadh an tseisiúin, tugadh deis do na daltaí an físeán Gaeilge a cruthaíodh i gcomhar le CCEA, NICCY agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin a fheiceáil. Ba dheis iontach í an cheardlann seo a stór focal Gaeilge a fhorbairt chomh maith. Tá an físeán Gaeilge ar fáil anseo le buíochas do dhaltaí Ghaelscoil na Daróige a rinne an taifeadadh Gaeilge don fhíseán:
**https://ccea.org.uk/learning-resources/uncrc-resource-hub**

# Tionscadail agus Ceardlanna do na Gaelscoileanna Áitiúla

Tugann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin tacaíocht d'eagraíochtaí éagsúla le ceardlanna dátheangacha nó lán-Ghaeilge a chur ar fáil sna Gaelscoileanna áitiúla. Is seirbhís ar leith í seo gur féidir leis an Oifigeach Gaeilge a chur ar fáil do na Gaelscoileanna sa cheantar Comhairle ar bhonn iarratais. Le húsáid a bhaint as an tseirbhís seo, ní mór don scoil nó don eagraíocht féin iarratas a dhéanamh ar an Chomhairle le tacaíocht teanga a fháil chun ceardlann dhátheangach a chur i láthair, éascaithe ag an Oifigeach Gaeilge.

Cé go ndéanfaidh muid iarracht freastal ar gach iarratas, ní mór don scoil nó don eagraíocht teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge ar dtús, ionas gur féidir na féidearthachtaí a phlé. Is deis iontach iad na tionscadail seo a thugann léargas iontach do na daltaí ar na deiseanna agus na féidearthachtaí iontacha atá ar fáil fud fad saol na Gaeilge.





# Ceardlann Gharchabhair Red Cross le Gaelscoil na Daróige

**Bhí lúcháir ar an Oifigeach Gaeilge cuairt a thabhairt ar Ghaelscoil na Daróige i nDoire ar an 6ú Deireadh Fómhair in éineacht leis an Red Cross le ceardlann Garchabhair a chur ar fáil go dátheangach do na daltaí i Rang 7.**

Bhí gníomhaíochtaí agus cluichí idirghníomhacha mar chuid den cheardlann chomh maith le plé ar thábhacht na Garchabhrach sa ghnáthshaol. D'fhoghlaim na daltaí scileanna luachmhara agus ba dheis iontach í an cheardlann do na daltaí a stór focal Gaeilge a fhorbairt freisin. Maith sibh Gaelscoil na Daróige!

# Lusaka le Chéile

**Chuir an Méara Comhairleoir Ruairí McHugh fáilte roimh ghrúpa daoine óga ó Lusaka le Chéile chuig Oifigí na Comhairle ar an Srath Bán ar an 16ú Meán Fómhair le cluinstin faoin togra iontach atá idir lámha acu.**

Is tionscnamh pobail óige é Lusaka le Chéile, lonnaithe i gceantar an tSratha Báin atá ag ullmhú grúpa daoine óga agus ceannairí ón cheantar le taisteal go Lusaka san Afraic i mí an Mhárta 2026 agus is dea-shampla iontach é an togra seo atá ag tógáil ar oidhreacht dochreidte Spirit of Paul McGirr a chuidigh le campas Scoil Thír Eoghain a thógáil i Lusaka. Bhronn Foireann Teangacha na Comhairle beart leabhar Gaeilge ar an ghrúpa ag an ocáid agus bronnfar na leabhair seo ar an scoil i Lusaka.

Guíonn muid gach rath ar an ghrúpa iontach seo agus iad ag ullmhú don turas seo ar an bhliain seo chugainn.

Tuilleadh eolais ar fáil:
www.lusakalecheile.com

# I mBéal an Phobail

## Cultúrlann Uí Chanáin

Tá reimse imeachtaí beartaithe ag Cultúrlann Uí Chanáin agus muid ag tarraingt ar an Nollaig.  Féach thíos cuid de na himeachtaí atá le teacht:

### Cupán agus Ceol

3 Nollaig 2025
12 pm – 2:30 pm
An Croí, Cultúrlann Uí Chanáin, Doire

Beidh bróinse dátheangach á óstáil ag Cultúrlann Uí Chanáin ar son Ospís an Fheabhail agus beidh ceol ar fáil ó chóir na nGaelscoileanna áitiúla chomh maith.  Beidh neart cainte, craice agus carthanachta ann ar an lá.  Bígí ann!



### Dianchúrsa Nollag

6 Nollaig 2025
10 am – 4 pm
Aois: 16+
Cultúrlann Uí Chanáin, Doire
Beidh gach leibhéal idir Bhunrang agus Ardrang ar fáil. Is féidir clárú ag an fháiltiú sa Chultúrlann nó ar an nasc seo a leanas: **Dianchúrsa Nollag**

### Péint, Ól agus Cúpla Focal

14 Nollaig 2025
Cultúrlann Uí Chanáin, Doire
Tuilleadh eolais ar fáil: eolas@culturlann.org

Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

Derry City & Strabane
District Council
Comhairle
Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane
Destrìck Cooncil

# Gaeilge & Fáilte

## An 8ú Eagrán

## Geimhreadh 2025

Más mian leat ábhar scéil a mholadh don chéad nuachtlitir eile, nó má tá scéal agat féin a ba mhaith leat a fhógairt bíodh fáilte romhat an t-eolas a chur chuig gaeilge@derrystrabane.com nó déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ar an Líne Ghaeilge
**T: 028 71 376 579.**

Tá an Nuachtlitir seo ar fáil i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear cló mór, braille, formáidí fuaime (CD, MP3, DAISY) agus mionteangacha.
Tuilleadh eolais faoi fhormáidí eile:
**guthán: 028 71 253253**
**nó**
**ríomhphost: equality@derrystrabane.com**

www.derrystrabane.com